C/2024/3970

21.6.2024

Fógra achomair maidir le grinn-imscrúdú a thionscnamh i gcás FS.100011 – EMIRATES TELECOMMUNICATIONS GROUP / PPF TELECOM GROUP de bhun Airteagal 10(3)(d) de Rialachán (AE) 2022/2560

(C/2024/3970)

An 10 Meitheamh 2024, i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (an 'Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha' nó 'RFE'), chinn an Coimisiún grinn-imscrúdú a thionscnamh sa chás thuasluaite tar éis dó teacht ar thásca leordhóthanacha, bunaithe ar réamh-athbhreithniú, gur deonaíodh fóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach do cheann amháin ar a laghad de na páirtithe sa chomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith a dtugtar tuairisc air thíos. Tionscnamh an ghrinn-imscrúdaithe maidir leis an gcomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith, tá sé gan dochar don chinneadh críochnaitheach sa chás seo.

1. Comhchruinniú ar tugadh fógra ina leith

An 26 Aibreán 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 21 RFE faoina bhfuil sé beartaithe ag Emirates Telecommunications Group Company PJSC (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) ('e&' nó an 'Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige') rialú aonair a fháil ar PPF Telecom Group B.V. (an 'Sprioc-chuideachta' agus, in éineacht leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, na 'Páirtithe') ina iomláine de réir bhrí Airteagal 20(1), pointe (b) RFE.

Seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na bpáirtithe sa chomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith:

— Is oibreoir teileachumarsáide é e& atá lonnaithe in Abú Daibí, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha;

— Is gnólacht teileachumarsáide de chuid ghrúpa PPF é PPF Telecom Group B.V., a bhfuil PPF Group N.V.i gceannas air, atá déanta suas d'oibriúcháin teileachumarsáide (soláthraithe seirbhíse teileachumarsáide agus bonneagar bunúsach) sa Bhulgáir, san Ungáir, sa tSeirbia agus sa tSlóvaic. Níl an gnólacht teileachumarsáide de chuid ghrúpa PPF atá lonnaithe sa tSeicia mar chuid den idirbheart, agus déanfar é a ghearradh amach as PPF Telecom Group B.V..

2. Tásca maidir le fóirdheontais eachtracha a bheith ann

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, measann sé go bhfuil tásca leordhóthanacha ann go bhfuair e& na fóirdheontais eachtracha seo a leanas de réir bhrí Airteagal 3 RFE:

— Ráthaíocht neamhtheoranta, arna deonú ag Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, a eascraíonn go sonrach as eisiamh e& ón dlí féimheachta is infheidhme in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. D'fhéadfadh an ráthaíocht neamhtheoranta sin é a chur ar a chumas do e& coinníollacha airgeadais níos fabhraí a bhaint amach ina chaibidlíocht le hinstitiúidí airgeadais, rud atá tagtha chun cinn le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe. Tá an ráthaíocht sin teoranta do ghnóthais atá faoi lánúinéireacht nó faoi pháirtúinéireacht ag Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

— Iasacht Téarma, arna deonú i Samhain 2022 ag sindeacáit de 5 bhanc, ar féidir a cuid gníomhaíochtaí a chur i leith Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, iasacht a bhfuil tásca leordhóthanacha ann maidir leis nach bhfuarthas í faoi ghnáthchoinníollacha margaidh. Is beart aonair é an Iasacht Téarma, agus dá bhrí sin tá sí teoranta do e&. Tá an Iasacht Téarma á húsáid ag e& chun an t-idirbheart a mhaoiniú.

— Ar deireadh, i réamh-athbhreithniú an Choimisiúin aithníodh ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha eile a bhféadfaí a cháiliú mar fhóirdheontais eachtracha do e&, a ndéanfaidh an Coimisiúin tuilleadh imscrúdaithe orthu le linn an ghrinn-imscrúdaithe, go sonrach i ndáil le conarthaí arna ndeonú do e&.

3. Tásca maidir le saobhadh sa mhargadh inmheánach

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, réamh-mheasann sé go mbaineann an comhchruinniú ar tugadh fógra ina leith le fóirdheontais eachtracha ar dócha go saobhfaidh siad an margadh inmheánach, de réir bhrí Airteagal 5 RFE.

([1]) Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lch. 1).

Go háirithe, réamh-mheasann an Coimisiún go dtagann ráthaíocht neamhtheoranta faoi raon feidhme Airteagal 5(1)(b) RFE, agus dá bhrí sin is dócha go saobhfaidh sí an margadh inmheánach.

Ina theannta sin, réamh-mheasann an Coimisiún go bhfuil tásca leordhóthanacha ann gur éascaíodh an comhchruinniú go díreach leis an Iasacht Téarma, mar aon leis an ráthaíocht neamhtheoranta ar dócha gur fheabhsaigh sé coinníollacha maoinithe na hIasachta Téarma, agus go dtagann sé faoi raon feidhme Airteagal 5(1)(d) RFE mar thoradh air sin, agus dá bhrí sin gur dócha go saobhfaidh siad an margadh inmheánach.

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, measann sé freisin go bhfuil tásca leordhóthanacha ann go bhféadfadh na fóirdheontais a réamh-shainaithnítear i Roinn 2 feabhas a chur ar staid iomaíoch e& sa mhargadh inmheánach agus, ar an gcaoi sin, difear diúltach iarbhír nó féideartha a dhéanamh don iomaíocht sa mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 4 RFE mar a leanas.

Go háirithe, is dócha gur feabhsaíodh staid iomaíoch e& sa phróiseas éadála leis na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear. Le linn an ghrinn-imscrúdaithe, leanfaidh an Coimisiún d'imscrúdú a dhéanamh an raibh nó nach raibh éifeachtaí diúltacha iarbhír nó féideartha ag na fóirdheontais eachtracha sin ar an bpróiseas éadála, go háirithe i bhfianaise na fírice go bhféadfadh sé go bhfuil páirtithe féideartha eile ann a bhfuil spéis acu an Sprioc-chuideachta a éadáil, nó an mbeadh e& in ann an éadáil a dhéanamh faoi na coinníollacha céanna gan na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear.

Ina theannta sin, measann an Coimisiún go bhféadfadh fóirdheontais eachtracha áirithe, agus go háirithe an ráthaíocht neamhtheoranta chuig e&, staid iomaíoch an eintitis chomhcheangailte a fheabhsú i ndiaidh an chomhchruinnithe, trí ligean don eintiteas comhcheangailte atá comhtháthaithe ar leibhéal airgeadais maoiniú a chruinniú dá ghníomhaíochtaí AE faoi théarmaí fabhracha. Le linn an ghrinn-imscrúdaithe, leanfaidh an Coimisiún d'imscrúdú a dhéanamh an bhféadfadh nó nach bhféadfadh an t-eintiteas comhcheangailte seirbhísí fóirdheonaithe a rochtain de bharr an chomhchruinnithe.

4. **Conclúidí**

Ar na cúiseanna a luaitear thuas agus ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, measann sé go bhfuil tásca leordhóthanacha ann gur deonaíodh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 2 do e&, fóirdheontais a dhéanann saobhadh ar an margadh inmheánach mar a léirítear i Roinn 3 agus, dá bhrí sin, chinn sé grinn-imscrúdú a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) RFE.

5. **Cuireadh chun barúlacha a chur isteach**

I gcomhréir le hAirteagail 10(3)(d) agus 40(1) RFE agus le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún ([2]) (an 'Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha'), iarrann an Coimisiún ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach, Ballstát agus tríú tír a dheonaigh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 2 a mbarúlacha a chur isteach. I gcomhréir le hAirteagal 8(3) den Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha, i gcás ina mbeidh faisnéis rúnda sna barúlacha i scríbhinn a cuireadh isteach, soláthróidh an duine a bhfuil aighneacht á cur isteach aige leagan neamhrúnda den aighneacht an tráth céanna leis an leagan rúnda.

I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh soláthraithe barúlacha a iarraidh nach nochtfar a gcéannacht. Deonófar anaithnideacht bunaithe ar chúis mhaith fhollasach a léirítear san iarraidh.

Chun go gcuirfear barúlacha san áireamh go hiomlán mar chuid den nós imeachta, ba cheart na barúlacha sin a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost chuig COMP-FSR-REGISTRY@ec.europa.eu, agus an tagairt FS.1000011 leis.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2023 maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 177, 12.7.2023, lch. 1).